




# Stiúrthóirí

A ndualgais agus a gcearta



## Treoir thapa



Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Réamhrá

Tháirgearmar an leabhrán eolais seo chun ról stiúrthóirí cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

## Cad is stiúrthóir cuideachta ann?

Rialaíonn agus stiúránn stiúrthóirí cuideachta cuideachta ar mhaithe lena n-úinéirí (ar a dtugtar comhaltaí). Tá freagrachtaí áirithe orthu fosta faoin dlí agus faoi bhunreacht na cuideachta. Caithfidh beirt stiúrthóir ar a laghad a bheith ag cuideachta. Gníomhaíonn siad seo le chéile ar bhord stiúrthóirí.

## Cé is féidir a bheith ina stiúrthóir cuideachta?

Ní chaithfidh cáilíochtaí nó taithí faoi leith a bheith ag daoine le bheith ina stiúrthóirí. Go minic ní oibreoidh stiúrthóirí don chuideachta atá i gceist nó ní bheidh scaireanna acu inti.

Leis an bpobal a chosaint, ní féidir le roinnt daoine a bheith ina stiúrthóirí cuideachta ag tráthanna áirithe. Áirítear orthu seo féimhigh, ar a gcuirtear cosc ó bheith ina stiúrthóir fad a mhaireann a bhfiacha gan íoc nó go dtí go saorfaidh cúirt iad ó na fiacha sin a íoc. D'fhéadfaí daoine a fhaigheann an chúirt ciontach i gcalaois nó i mí-iompar tromchúiseach a dhícháiliú ó ghníomhú mar rúnaí cuideachta ar feadh tréimhse áirithe chomh maith. Má rinne an chúirt cinneadh go bhfuil duine ciontach as a bheith mí-ionraic nó mífhreagrach i gcuideachta ar theip uirthi a fiacha a íoc, d'fhéadfadh an chúirt srian a chur orthu. Ní féidir le stiúrthóir a bhfuil srian air/uirthi gníomhú mar stiúrthóir ach i gcuideachtaí áirithe ina bhfuil méid suntasach airgid infheistithe ag na comhaltaí. Maireann srianta ar feadh tréimhse cúig bliana de ghnáth.

## An bhfuil cineálacha éagsúla stiúrthóirí ann?

Tá cúig chineál stiúrthóirí cuideachta ann.

- Is ionann Stiúrthóirí feidhmiúcháin agus stiúrthóir atá bainteach leis an gcuideachta a bhainistiú. Áirítear ar shamplaí stiúrthóir bainistithe na cuideachta nó a stiúrthóir díolachán.
- Ní bhíonn stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin bainteach go díreach le bainistíocht na cuideachta. D'fhéadfadh gur daoine iad atá eolach agus a bhfuil taithí acu a ceapadh ar an mbord chun comhairle neamhspleách a thabhairt. Ní bhíonn ar chuideachtaí stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a cheapadh.
- Roghnaíonn stiúrthóirí na stiúrthóirí ionaid le gníomhú ar a son nuair a bhíonn siad as láthair.
- Feidhmíonn stiúrthóirí de facto dualgais stiúrthóir cé nach bhfuil siad ceaptha agus cláraithe go foirmiúil. Tá na dualgais chéanna orthu agus atá ar stiúrthóirí ceaptha.
- Ní bhíonn scáth-stiúrthóirí ceaptha go foirmiúil mar stiúrthóirí ach tugann siad teoracha a ghlacann na stiúrthóirí cuideachta de ghnáth. Tá a lán de na freagrachtaí dlíthiúla atá ag stiúrthóirí ceaptha ag scáth-stiúrthóirí.

## Cad iad dualgais stiúrthóirí?

Iontaobhaithe nó coimeádaithe ar shócmhainní na cuideachta atá i stiúrthóirí agus léiríonn a gcuid dualgas an staid fhreagrach sin. Tá na dualgais chéanna ag stiúrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin.

Ní bhíonn ar stiúrthóirí gach rud a dhéanamh iad féin. Is féidir leo tascanna cuí a thabhairt d'fheidhmeannaigh chuideachta a thuarisceoidh ar ais chuig an mBord.

## Dualgais stiúrthóirí faoin dlí coiteann (na dualgais arna gcruthú ag na cúirteanna)

Éilíonn na dualgais faoin dlí coiteann:

- go gcaithfidh stiúrthóir gníomhú de mheon macánta agus ar mhaithe leis an gcuideachta agus ní féidir leo a gcumhachtaí a úsáid ar mhaithe lena dtairbhe féin nó chun tairbhe daoine eile ar chostas na cuideachta – mar shampla, ba chóir go n-íocfadh stiúrthóirí an luach margaidh as sócmhainní na cuideachta;
- nach cóir go ndéanfadh stiúrthóirí brabús ó bheith ina stiúrthóir agus nach mór dóibh cuntas a thabhairt ar bhrabús ar bith a fhaigheann siad faoi rún – mar shampla, ní féidir le stiúrthóir atá ina stiúrthóir ar ghnó eile chomh maith faisnéis rúnda ar bith a fhaigheann siad mar stiúrthóir den chéad chuideachta a úsáid chun tairbhe na dara cuideachta sin; agus
- go gcaithfidh stiúrthóirí gníomhú leis an gcúram, leis an scil agus leis an dúthracht cheart – mar shampla, ba chóir do stiúrthóirí bualadh le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú na cuideachta agus gníomh a ghlacadh chun fadhbanna ar bith a réiteach.

## Dualgais reachtúla stiúrthóirí (na dualgais arna gcruthú trí reachtaíocht)

Nuair a cheaptar stiúrthóirí, caithfidh siad a n-ainm, a seoladh, a ndáta breithe, a náisiúntacht agus a slí bheatha a thabhairt don chuideachta. Ní mór dóibh sonraí a thabhairt chomh maith maidir le scaireanna nó bintiúir ar bith (aitheantais scríofa maidir le fiach) atá acu sa chuideachta nó i gcuideachtaí bainteacha ar leo féin iad nó ina bhfuil leas acu. Ní mór dóibh sonraí a thabhairt maidir le cuideachtaí ar bith eile a bhfuil siad ina stiúrthóir orthu chomh maith. Fad a fhónann siad mar stiúrthóir, ba chóir dóibh an chuideachta a choinneáil suas chun dáta ar athruithe ar bith ar an bhfaisnéis seo. Ba chóir dóibh a chur in iúl don chuideachta fosta má bhíonn leas ar bith acu i gconradh cuideachta nó i gconradh molta.

Ní mór do stiúrthóirí a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta leabhair chuí chuntais a thairfeadann agus a mhíníonn íocaíochtaí chuig nó ón gcuideachta nó chuig nó óna custaiméirí agus óna soláthraithe agus a sócmhainní agus dhéanann a dliteanais a shainaitheint go cruinn. Gach bliain, caithfidh stiúrthóirí ráitis airgeadais a thugann ‘dearcadh fíor agus cothrom’ ar ghnóthaí na cuideachta a ullmhú. Caithfear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sin (ach amháin má bhíonn an chuideachta ábalta a chinneadh gan iniúchadh a dhéanamh).

Ní mór do stiúrthóirí tuarascáil a scríobh do chomhaltaí na cuideachta chomh maith. Ba chóir go gcuimseodh an tuarascáil seo sonraí maidir le:

- an dóigh a bhfuil ag éirí leis an gcuideachta;
- an dóigh a bhfuil forbairt tagtha ar a gnó i rith na bliana;

- imeachtaí tábhachtacha ar bith a raibh tionchar acu ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana; agus
- forbairtí dóchúla ar bith sa ghnó.

Caithfidh stiúrthóirí cruinnithe ginearálta bliantúla (CGB) na cuideachta a eagrú agus dréachtchlár oibre a scaipeadh ar na comhaltaí i dtráth maith chomh maith le doiciméid ábhartha eile, lena n-áirítear na ráitis airgeadais, tuarascáil na stiúrthóirí agus tuarascáil ar bith ó iniúchóir. Corruair, bíonn ar stiúrthóirí cruinníú ginearálta urghnách de na comhaltaí (CGU) a thionól chomh maith chun déileáil le gnó speisialta nó práinneach.

Ní mór do na stiúrthóirí a eagrú go ndéanfar miontuairiscí a choinneáil faoin méid a dúradh agus a cinneadh ag cruinnithe ginearálta agus ag cruinnithe an bhoird agus fhochoistí an bhoird. Caithfidh siad a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta doiciméid nuashonraithe, lena n-áirítear cláir na gcomhaltaí, stiúrthóirí agus rúnaithe agus leasanna na stiúrthóirí agus rúnaithe sa chuideachta.

Ní mór do stiúrthóirí a chinntiú go gcuireann an chuideachta doiciméid agus faisnéis faoi leith chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)) go pras. Áirítear orthu seo, mar shampla:

- tuairisceán bliantúil agus ráitis airgeadais bhainteacha na cuideachta;
- fógra maidir le hathrú ar oifig chláraithe, stiúrthóir, rúnaí nó a gcuid sonraí;
- fógra maidir le cruthú morgáiste nó muirir ar mhaoin na cuideachta in éiric í iasacht a fháil; agus

- meabhrán maidir le sásamh muirir (ráiteas go ndearnadh iasacht a íoc ar ais).

D'fhéadfaí pionós a chur ar stiúrthóirí na cuideachta má fhaightear gur sháraigh siad Achtanna na gCuideachtaí. I gcásanna mainneachtana tromchúisí, is féidir iad a chur faoi dhliteanas i leith fhiacha na cuideachta.

## Cad iad cumhachtaí stiúrthóirí?

Go ginearálta, is féidir le stiúrthóirí rud ar bith atá dlíthiúil agus a cheadaíonn bunreacht na cuideachta a dhéanamh. Mar sin féin, tá an fhreagracht ag na comhaltaí roinnt de chuid cinntí na cuideachta a dhéanamh ag cruinniú bliantúil. Áirítear orthu seo an cinneadh iniúchóir na cuideachta a cheapadh nó a athcheapadh.

## Cad iad na ceisteanna eile ba chóir do stiúrthóirí bheith eolach orthu?

### Idirbhearta idir an chuideachta agus a stiúrthóirí

Baineann roinnt eisceachtaí leis an riail ghinearálta nach féidir le stiúrthóirí sócmhainní na cuideachta a úsáid chun a dtairbhe féin. Mar shampla, d'fhéadfadh cuideachtaí iasachtaí a thabhairt do stiúrthóirí agus do dhaoine nó eagraíochtaí a bhaineann le stiúrthóirí tríd an teaghlach nó trí ghnó mura mbíonn luach iomlán na hiasachta níos mó ná 10% de 'shócmhainní ábhartha' na cuideachta.



Is féidir le cuideachta a bheith bainteach i ndíolachán nó ceannach maoinne le stiúrthóir nó duine bainteach leis an stiúrthóir i gcúinsí áirithe chomh maith. Is iad na príomhchoinníollacha ná go gcaithfidh stiúrthóirí fiúntais an idirbhirt mholta a fhírinniú do na comhaltaí agus caithfidh formhór na gcomhaltaí é a fhaomhadh ag cruinniú bliantúil sular féidir an t-idirbheart a chur i bhfeidhm.

## Leachtú sócmhainneach

Má tá cuideachta foirceanta ar an mbonn gur féidir léi a fiacha go léir a íoc, caithfidh na stiúrthóir ráiteas cruinn a dhéanamh chun na críche sin.

## Deacrachtaí trádála

Má bhíonn deacracht ag cuideachta a fiacha a íoc, caithfidh na stiúrthóirí tús áite a thabairt do leasanna na ndaoine a bhfuil airgead ag dul dóibh (creidiúnaithe) ón gcuideachta.

## Trádáil mheargánta

Má bhíonn baint ag stiúrthóirí le fiach cuideachta a chruthú agus fios acu nach mbeidh an chuideachta ábalta an creidiúnáí a íoc, d'fhéadfadh go mbeadh orthu cuid nó iomlán d'fhiacha na cuideachta a íoc iad féin má ordaíonn cúirt é.

## Leachtú dócmhainneach

Mura bhfuil go leor airgid ag cuideachta chun creidiúnaithe a íoc agus go ndéantar an cuideachta a fhoirceannadh níos déanaí, ní mór do stiúrthóirí ráiteas maidir lena sócmhainní agus dliteanais a ullmhú agus comhoibriú leis an leachtaitheoir.


## Cuideachta dócmhainneacha a baineadh den chlár

Má theipeann ar stiúrthóirí leachtú a eagrú do cuideachta a bhfuil fiach mór le híoc aici le creidiúnaí amháin nó níos mó, d'fhéadfadh an Ard-Chúirt iad a dhícháiliú ó ghníomhú mar stiúrthóirí má bhaintear an chuideachta de Chlár na gCuideachta níos déanaí de bharr gur teip uirthi a tuairisceáin bhliantúla a chomhdú.

## Conclúid

Tá leabhrán eolais níos mionsonraithe ar stiúrthóirí ar fáil faoin bhFógra Cinneadh D/2002/1 ó [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).





Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:



**Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1, Éire



01 858 5800  
Loghlao 1890 315 015



01 858 5801



info@odce.ie



www.osfc.ie